IRISH-LANGUAGE LITERATURE FESTIVAL

# IMRAM

## FÉILE LITRÍOCHTA GAEILGE

4–26 DEIREADH FÓMHAIR / OCTOBER 2019



Tionscadal **NICK DRAKE**

# Fear na hAbhann
# RIVER MAN

The **NICK DRAKE** Project

# CLÁR IMRAM Deireadh Fómhair 2019




































**WWW.IMRAM.IE**

**TUILLEADH EOLAIS / FURTHER INFORMATION**
Liam Carson r-phost/e-mail info@imram.ie
Fón/phone (087) 291 2797

**STIÚRTHÓIR NA FÉILE / DIRECTOR**
Liam Carson

**COIMEÁDAÍ IMRAM NA nÓG / CHILDREN'S EVENTS CURATOR**
Siobhán Nic Gaoithín

**BORD IMRAM / FESTIVAL BOARD**
Ciarán Mac an Bhaird, Liam Mac Mathúna, Aoileann Ní Bhroin,
Clár Ní Bhuachalla, Fionnuala Ní Dhúgáin, Bríd Ní Ghruagáin (cathaoirleach),
Tristan Rosenstock, Alan Titley

**FIOSRÚCHÁIN PHOIBLÍOCHTA / PUBLICITY QUERIES**
Please contact Kate Bowe
Phone: (01) 652 0143 or (086) 267 5018 | Email: kate@katebowepr.ie

**DÉ DOMHNAIGH 6 DEIREADH FÓMHAIR**

**Sunday 6 October | 6.30pm**

**HALLA NA SAOIRSE/LIBERTY HALL**
**Eden Quay, Dublin 1**
Cead isteach/Admission €12
Booking: http://bit.ly/150iegandhi

# GANDHI GO DEO!

## GANDHI FOREVER!

Cúis onóra agus lúcháire d'IMRAM a bheith bainteach le Comóradh agus Ceiliúradh Gandhi 2019. Céad caoga bliain ó shin a rugadh aspal mór na heasumhlaíochta sibhialta. Anocht i Halla na Saoirse, 6.30 p.m., seolfar an leabhar *Walk with Gandhi: Bóthar na Saoirse*, haiku agus cuntas ar shaol Gandhi le **Gabriel Rosenstock**, leabhar atá dírithe ar aosaigh óga agus ar an léitheoir ginearálta araon, maisithe go haoibhinn ag **Masood Hussain**, Caismíreach. Cuirfear clabhsúr ar an oíche le ceolchoirm Indiach-Ghaelach, arna léiriú ag **Des Geraghty**. Páirteach ann beidh **Yameema Mitha**, **Sudipto Das**, **Sadanand Magee**, **Saileog Ní Cheannabháin**, **Liam O'Connor**, **Peter Browne** agus **Tristan Rosenstock**.

IMRAM is delighted and honoured to be part of Comóradh agus Ceiliúradh Gandhi 2019. The great prophet of civil disobedience was born 150 years ago. Tonight sees the launch of *Walk with Gandhi: Bóthar na Saoirse*, a book aimed at young adults and the general reader alike, with haiku and text by **Gabriel Rosenstock** and exquisite illustrations by Kashmiri artist, **Masood Hussain**. The evening will feature Indian music and song with **Sudipto Das**, **Yameema Mitha**, and **Sadanand Magee**; and Irish traditional music with **Saileog Ní Cheannabháin**, **Liam O'Connor**, **Peter Browne**, **Tristan Rosenstock**, and **Des Geraghty**.



**DÉ MÁIRT 8 DEIREADH FÓMHAIR**

**Tuesday 8 October | 8.00pm**

**THE SUGAR CLUB**
**8 Lower Leeson Street,**
**Dublin 2**

Cead isteach/admission €12
www.rosenstock70.eventbrite.ie

# *Ba sheachtópas mé inné*

ROSENSTOCK @ 70

### CEILIÚRADH AR SHAOL AGUS AR SHAOTHAR GABRIEL ROSENSTOCK A BHFUIL 70 BLIAIN SLÁN AIGE

Síneann réimsí spéise Rosenstock thall is abhus, soir is siar, mar bhrait-eoga an ochtapais: filíocht is mó atá tagtha óna pheann, chomh maith le rainn don aos óg, haiku, tanka, úrscéalta, drámaí, aistí, aistriúcháin, gearrscéalta agus ábhar aisteach dá bhlag, in eagar ag Aonghus Ó hAlmhain. Níl a fhios aige féin líon na leabhar atá curtha amach aige ach deir sé, 'Caithfidh go bhfuil ábhar leathdhosaen leabhar eile sa bhlag féin, nó mura bhfuil, beidh!' Is iad na leabhair is déanaí uaidh *Glengower: Poems for No One in Irish and English* (The Onslaught Press) agus *An Eala Órga agus Scéalta Eile ón India* (An Gúm).

I measc na n-aíonna anocht beidh na filí **Paddy Bushe**, **Caitríona Ní Chléirchín**, **Cathal Ó Searcaigh** agus **Séamas Barra Ó Súilleabháin**; an t-aisteoir **Donncha Crowley**; na húdair **Gary Bannister** agus **Alan Titley**; giotáraí Barócach **Arash Kazemi**; amhránaí **Hilary Bow** le **Bláthnaid Conroy Murphy** ar an bpianó; agus an fear grinn **Mario Rosenstock**. Bean an tí: **Sinéad Ní Uallacháin**.

Of **Gabriel Rosenstock**, poet Gwyneth Lewis commented: 'he defies gravitational laws, leaping out of the confines of the Irish language through the vigour of his writing and its total disregard of time and space'. A poet, novelist, children's author, playwright, haikuist, essayist, critic and translator, he has published over 180 books since the publication of *Susanne sa Seomra Folctha* in 1973.

Tonight IMRAM celebrates his life and work with a gala performance featuring poets **Paddy Bushe**, **Caitríona Ní Chléirchín**, **Cathal Ó Searcaigh** and **Séamus Barra Ó Súilleabháin**; actor **Donncha Crowley**; and authors **Gary Bannister** and **Alan Titley**; Baroque guitarist **Arash Kazemi**; singer **Hilary Bow** with pianist **Bláthnaid Conroy Murphy**; and comedian **Mario Rosenstock**. MC for the night is **Sinéad Ní Uallacháin**.

**DÉ LUAIN 14 DEIREADH FÓMHAIR**

**Monday 14 October | 8.00pm**

**SMOCK ALLEY THEATRE**
**Exchange Street Lower, Temple Bar, Dublin 8**
Cead isteach/admission €12
Booking: (01) 677 0014 or www.smockalley.com





# GUTHANNA NUA, FÍSEANNA NUA

### NEW VOICES, NEW VISIONS

Is craoltóir agus scríbhneoir í **Catherine Foley** agus cloistear go minic ar an gclár *Sunday Miscellany* í. *Ag Marú Maicréal* an teideal atá ar a céad chnuasach filíochta, súil siar ar an draíocht a bhaineann le cláirseach shean na ngnáthrud, mar a dúirt an té a dúirt. *Súil* an teideal ar an gcéad leabhar ó **Eithne Ní Ghallchobhair**, leabhar a bhain preab as an aos liteartha, ceann de na leabhair is fearr ó foilsíodh *Dúil* de chuid an Fhlaitheartaigh, más maith leat ardlitríocht faoin dúlra. Baineann *Gáire in Éag*, le **Seán Ó Muireagáin**, le haimsir na dTrioblóidí i mBéal Feirste – agus ní théann sé ar chúl scéithe. Seanchaí cúlsráide a tugadh air an Muireagánach. Cuirfidh **Cathal Póirtéir**, scríbhneoir agus léirmheastóir, an triúr thuas inár láthair anocht.

**Catherine Foley** is a broadcaster and writer, and a well-known contributor to RTÉ's *Sunday Miscellany*. Her work includes *An Cáilín Rua*, a novel for adult learners; and *Beyond the Breakwater*, a memoir of her youth in Waterford City and the Ring Gaeltacht. *Ag Marú Maicréal* is her first poetry collection, replete with vignettes that explore the past, and which seek the magical in the everyday. Acclaimed storyteller **Eithne Ní Ghallchobhair**'s first written work is the remarkable *Súil* – in which she tells of birds and beast battling for survival in the wilds of Donegal; Syrian refugees adrift in an unseaworthy boat; and satirizes the heritage industry and unwanted bodhrán players. In *Gáire in Éag*, **Seán Ó Muireagáin** reveals the turbulent life of a spy, the complex story of a former soldier, and the tale of a serial killer on the loose, in a series of hard-hitting stories set in Troubles-era Belfast. Critic Tom Mallon describes them as 'sympathetically woven from yarns shared at wakes and barricades and they are told with all the authenticity and captivating power of a backstreet *seanchaí*'. These three exciting new voices will be introduced tonight by writer and broadcaster **Cathal Póirtéir**.



**DÉ MÁIRT 15 DEIREADH FÓMHAIR**

**Tuesday 15 October | 8.00pm**

**SMOCK ALLEY THEATRE**
**Exchange Street Lower,**
**Temple Bar, Dublin 8**

Cead isteach/admission €12
Booking: (01) 677 0014
or www.smockalley.com

# AN MHUIR FHÍONDORCHA

## TIONSCADAL HÓIMÉIR An Ódaisé i nGaeilge

# THE WINE DARK SEA

## THE HOMER PROJECT The Odyssey in Irish

Is fada scéal Odaiséis á insint, imram nó aistear farraige an laoich agus an méid a tharla dó tar éis Léigear na Traí. Foghlaimímid ó Hóiméar 'nach bhfuil sa saol go léir ach cath, nach bhfuil ann ach aistear' (Alberto Manguel). Is iomaí file a d'aistrigh an téacs i gcaitheamh na mblianta agus d'fhoghlaim cuid againn *On First Looking into Chapman's Homer* de chuid Keats ar scoil, gan a fhios againn, seans, go raibh leagan éachtach déanta ag an Moinsíneoir Pádraig de Brún. Ar ndóigh, múinteoirí na scoileanna scairte bhí eolas maith acu ar an nGréigis mar a deir Colum linn sa dán 'A Poor Scholar of the Forties':

> And I know Homer too, I ween
> As Munster poets know Ossian ...

Anocht, cloisfimid nua-insint ar Hóiméar i nGaeilge ár linne. **Réamonn Ó Ciaráin** agus **Darach Ó Scolaí** a chuir na téacsanna ar fáil agus is iad na filí **Ciara Ní É** agus **Séamas Barra Ó Súilleabháin** a bheidh á reic. Feicfear íomhánna ar scáileán, á gcruthú agus á dteilgean ag **Margaret Lonergan**.

The tale of Odysseus and his magical wanderings home to Ithaca after the Siege of Troy have cast a spell on readers for over 2500 years. In *The Odyssey*, we learn that 'all life is a battle and that all life is a journey' (Alberto Manguel). The texts have been translated by countless poets over the centuries, including Monsignor Pádraig de Brún's exquisite version in Irish. Here are cannibals and witches; the goddess Calypso who seeks to hold Odysseus under her spell for eternity; the monstrous Cyclops; and Penelope's wily strategies to hold off the suitors who would claim Odysseus's wife and lands.

Tonight IMRAM will present a special performance of stories from *The Odyssey* rendered into accessible modern Irish by **Réamonn Ó Ciaráin** and **Darach Ó Scolaí**, and performed by poets **Ciara Ní É** and **Séamas Barra Ó Súilleabháin** – and will feature on-screen projections created by **Margaret Lonergan**.

Ancient Greek advisor and script consultant: **Fiachra Mac Góráin**.



DÉ CÉADAOIN 16 DEIREADH FÓMHAIR

Wednesday 16 October | 8.00pm

SMOCK ALLEY THEATRE,
Exchange Street Lower, Temple Bar, Dublin 8
Cead isteach/admission €12
Booking: (01) 677 0014 or www.smockalley.com


# CIONTACH!

## MÓRLÉAMH FICSEAN CHOIRIÚLACHTA

**GUILTY!** GALA READING OF CRIME FICTION IN IRISH

Seánra a bhfuil an-tóir air (agus na Gardaí sa tóir air fiú amháin!) is ea ficsean coiriúlachta na Gaeilge. Anocht, beidh mórléamh, faoi scáth IMRAM, as trí úrscéal nua. Sa leabhar *Tairngreacht* le **Proinsias Mac a' Bhaird**, aimsíonn Conchúir Uí Bhraonáin tairngreachtaí spookyáilte i gceartlár rúnda na Vatacáine a chuireann an Eaglais Chaitliceach Rómhánach féin i mbaol a scriosta (agus ní den chéad uair é). I dtús ré an Tíogair Cheiltigh a tharlaíonn na heachtraí sa leabhar *Cur i gCéill* de chuid **Celia de Fréine** ina gcabhraíonn síciatraí, Cass Uí Chaoimh leis na Gardaí chun teacht ar an té a dhúnmharaigh cara lena hiníon. Sa leabhar *Fianaise* le **Mícheál Ó Ruairc**, tá a shúil lofa ag dúnmharfóir srathach ar dhamhsóirí téisiúla i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh. An dtiocfaidh an bleachtaire Cathal 'Kojak' Ó Cearúil ar an gclaonachán suarach? Fear an tí: **Cathal Póirtéir**.

Tonight IMRAM presents a gala reading of three new crime novels. In *Tairngreacht* by **Proinsias Mac a' Bhaird**, we follow the exploits of Conchúr Ó Braonáin as he uncovers ancient prophecies in the heart of the Vatican which reveal secrets and skullduggery that threaten the very existence of the Catholic Church. Set in the dawn of the Celtic Tiger, **Celia de Fréine**'s *Cur i gCéill* tells the tale of psychiatrist Cass Uí Chaoimh as she helps the Guards hunt the murderer of her daughter's friend, Niamh. In **Mícheál Ó Ruairc**'s *Fianaise*, a serial killer is on the loose, preying on lapdancers in Dublin and Cork. Will detective Cathal 'Kojak' Ó Cearúil succeed in apprehending the Elusive Pimpernel or will his reign of terror continue? Fear an tí: **Cathal Póirtéir**.


**DÉARDAOIN 17 DEIREADH FÓMHAIR**

**Thursday 17 October | 8.00pm**

**SMOCK ALLEY THEATRE**
**Exchange Street Lower,**
**Temple Bar, Dublin 8**
Cead isteach/admission €12
Booking: (01) 677 0014
or www.smockalley.com

Rugadh Sappho ar oileán Lesbos thart ar 630 R.Ch. agus dhein a cuid dánta is amhrán iniúchadh ar an ngrá, ar mhiangas, ar an bpósadh, ar dheoraíocht, ar bheacha, ar sheanaois, ar imeacht an ama, agus an grá a bhí aici dá hiníon. Níl fágtha de na naoi leabhair a scríobh sí ach dhá chéad éigin blogh – ach fágann a ngléine draíocht orainn go dtí an lá inniu.

Sa seó ilmheán seo gheobhaimid leaganacha nua le **Caitríona Ní Chléirchín**, á léamh agus á gcanadh ag **Caitríona O'Leary** le tionlacan cnaguirlisí ó **Mel Mercier**. Déanfaidh **Margaret Lonergan** íomhánna de Sappho a theilgean, bunaithe ar shaothar de chuid Gustave Moreau, Felician Rops, Vanessa Bell agus ealaíontóirí eile a ndeachaigh Sappho i bhfeidhm orthu.

Born around 630 BC on the Greek island of Lesbos, Sappho was a musical genius whose songs and poems explored love, desire, marriage, exile, bees, old age and the passage of time, and her love for her daughter. Of the nine books she wrote, only some two hundred fragmented poems remain – but the potent clarity of these still cast a remarkable spell after thousands of years.

This multi-media show features new versions in Irish by poet **Caitríona Ní Chléirchín**, which will be read and sung by **Caitríona O'Leary** to accompaniment by percussionist **Mel Mercier**. Screen projections by **Margaret Lonergan** feature art depicting Sappho over the centuries, including artists such as Gustave Moreau, Felician Rops, Vanessa Bell and many others.

Ancient Greek advisor and script consultant: **Fiachra Mac Góráin**.



DÉ hAOINE 18 DEIREADH FÓMHAIR

Friday 18 October | 8.00pm

**SMOCK ALLEY THEATRE**
**Exchange Street Lower,**
**Temple Bar, Dublin 8**
Cead isteach/admission €12
Booking: (01) 677 0014
or www.smockalley.com



# LAOCHRA MÓRA NA SEANLITRÍOCHTA

## WARRIORS, WIZARDRY AND WONDERS
## MYTHOLOGY IN IRISH

### LIAM MAC CÓIL AND DIARMUID JOHNSON

Sa leabhar is déanaí ó **Liam Mac Cóil**, *An Choill*, faightear díospóireacht mhachnamhach agus miotaseolaíocht Artúrach fite fuaite ina chéile agus é scríofa i stíl an 15ú haois. Scéal duine de ridirí an Bhoird Chruinn agus scéal an uile dhuine againn é, scéal duine *nach* dtagann ar an Soitheach Naofa.

Is é atá sa leabhar *Tuatha Dé Danann* ná athinsint fhuinniúil ó **Dhiarmuid Johnson** ar *Cath Maige Tuired*.

Fuair duaisleabhr de chuid Johnson *Conaire Mór* ardmholadh ó léirmheastóirí. Cruthóidh **Margaret Lonergan** laochas na seanmhiotas ar scáileán dúinn.

Of **Liam Mac Cóil**, Alan Titley has commented: 'there is no other novelist in Irish today who writes with the same care, precision and clarity'. His latest novel, *An Choill*, fuses philosophical debate with Arthurian mythology – and is written in the style of the 15th century. The novel tells the tale of one of the knights of the Round Table, one who doesn't find the Holy Grail; it is also the story of everyman.

*Tuatha Dé Danann* is a energetic retelling of the Battle of Moytura – an account of the invasion and conquest of Ireland by the Tuatha Dé Danann by **Diarmuid Johnson**, the acclaimed prize-winning author of *Conaire Mór*. Writing in *Books Ireland*, **Cathal Póirtéir** said 'the author finds the language and rhythms to give the modern language a feeling of ancient authenticity while shaping a story that has a central drive and pace'. This reading features screen projections by **Margaret Lonergan** of visual interpretations of the myths.



**DÉ SATHAIRN 19 DEIREADH FÓMHAIR**

**Saturday 19 October | 6pm & 8pm**

**SMOCK ALLEY THEATRE**
**Exchange Street Lower, Temple Bar, Dublin 8**
Cead isteach/admission €5 & €12
Booking: (01) 677 0014 or www.smockalley.com

# MÍCHEÁL Ó hAIRTNÉIDE: COMÓRADH 20
# MICHAEL HARTNETT: A BI-LINGUAL CELEBRATION TWENTY YEARS ON

**6.00pm** | **SMOCK ALLEY THEATRE** | €5

## Ó THEAMPALL AN GHLEANNTÁIN GO DTÍ TEAMPALL AN BHARRA

### AG COMHRÁ FAOI MHÍCHEÁL Ó hAIRTNÉIDE
### A CONVERSATION ABOUT MICHAEL HARTNETT

'Is seo í Éire, is mise mise' a scríobh Mícheál Ó hAirtnéide sa dán fada 'An Phurgóid'. Cérbh é Ó hAirtnéide, mar sin? An ndéantar an iomarca cainte faoina chinneadh cúl a thabhairt le Béarla? Cad a bhain sé amach sa Ghaeilge – an teanga ar thug sé *'the potent ghost in all your dreams'* uirthi? An bhfuil athrú tar éis teacht ar bhrí a chuid dánta ó cumadh iad agus ó cailleadh é? Cad iad na seoda fileata dá chuid a thuilleann aird ar leith sa ré chorraitheach ina mairimid féin?

Who was Michael Hartnett? What did he achive in Irish, which he called *'the potent ghost in all your dreams'*? In this conversation, musican and lecturer **Dr Sorcha de Brún**, and poets and friends of Hartnett, **Mike Mac Domhnaill** and **Mícheál Ó Siochrú**, discuss his life, his work and his legacy with **Róisín Ní Gháirbhí**.

**8.00pm** | **SMOCK ALLEY THEATRE** | €12

## OIRFÉAS NUA
## A NEW ORPHEUS

Cailleadh Mícheál Ó hAirtnéide scór bliain ó shin, file dátheangach a ndúirt Seán Ó Tuama faoi: 'His poetry in Irish exudes an intimate lyric magic; indeed his poetic voice is more lucid, more natural perhaps, in his Irish poems than those in English. Déanfaidh an compántas **Guthanna Binne Síoraí** ceiliúradh anocht ar 'Lorca Luimnigh', mar a thug Heaney air. D'fhéadfadh gur fhág *A Farewell to English* ina dhílleachta teanga é, gan glacadh leis go hiomlán ina dhiaidh sin i saol an Bhéarla ná i saol na Gaeilge ach oiread.

Of Michael Hartnett's poems, Heaney noted their 'hypnotic power, as if a new Orpheus has emerged from Newcastle West'. Tonight **Guthanna Binne Síoraí** stage a bilingual multimedia reading of this unique poet 'who lived his art', as noted by **Gabriel Fitzmaurice** – who will read poems in Irish. **Cathal Quinn** will read poems in English. Dancer **Sibéal Davitt** responds to the text with music by **Michelle Mulcahy** on harp, concertina, and fiddle. Screen projections by **Margaret Lonergan**.

*In association with Éigse Éireann / Poetry Ireland.*

Poetry Ireland
Éigse Éireann

**DÉ DOMHNAIGH 20 DEIREADH FÓMHAIR**

**Sunday 20 October | 2.30pm**

**MÚSAEM LITRÍOCHTA NA hÉIREANN / MUSEUM OF LITERATURE IRELAND**
**UCD Newman House, 86 St Stephen's Green, Dublin 2**
Cead isteach/admission €12
Booking: www.ulyssesinirish.eventbrite.ie

# 'SEA, 'SEA, 'SEA!


## YES, YES, YES! ULYSSES IN IRISH

*In association with*
*Museum of Literature Ireland*

MoLI Músaem Litríochta *na* hÉireann

Cloistear macallaí Hóiméir i mórshaothar Joyce. Dhein Séamas Ó hInnéirghe agus Séamas Ó Mongáin *Ulysses* Joyce a aistriú agus foilsíodh é i ndosaen mionphaimfléad. Roghnaigh **Eoin P Ó Murchú** blúirí astu a léifidh na haisteoirí **Hilary Bowen-Walsh**, **Eoin Ó Dubhghaill** agus **Seán T. Ó Meallaigh**. Chomh maith leis sin cloisfear amhráin á rá ag **Noel O'Grady** a shamhlaítear le haimsir an tSeoighigh agus teilgfidh **Margaret Lonergan** íomhánna ar scáileán de Bhleá Cliath i dtús an 20ú haois.

Joyce's *Ulysses* carries multiple echoes of *The Odyssey*. Between 1987 and 1992 all of *Ulysses* was translated into Irish by Séamas Ó hInnéirghe and Séamas Ó Mongáin in twelve small pamphlets. This unique performance of selected extracts chosen by **Eoin P Ó Murchú** will feature actors **Hilary Bowen-Walsh**, **Eoin Ó Dubhghaill** and **Sean T. Ó Meallaigh**. It will also feature songs associated with Joyce's time, performed by **Noel O'Grady**; and will feature on-screen projections of photos of early 20th century Dublin by **Margaret Lonergan**.



**DÉ CÉADAOIN 23 DEIREADH FÓMHAIR**

**Wednesday 23 October | 8.00pm**

**PAVILION THEATRE, Dún Laoghaire**
Cead isteach/admission: €25/23
Booking (01) 231 2929 or www.paviliontheatre.ie

The **NICK DRAKE** Project

# Fear na hAbhann
# RIVER MAN

## Tionscadal **NICK DRAKE**

Duine ar leith ab ea Nick Drake agus na hamhráin áille thochtmhara aige ag éirí as traidisiún búcólach Vaughan Williams chomh maith leis na gormacha. Faoin am ar cailleadh go tragóideach é sa bhliain 1974, ní raibh ach trí albam eisithe aige, *Five Leaves Left*, *Bryter Lyter* agus *Pink Moon*. Bhí dathanna le sonrú ar a chuid liricí a mheabhródh meon na bhfilí Rómánsacha ón 19ú haois duit agus é ag déileáil le téamaí an ghrá, an tnútháin agus an fhéinaitheantais. Tabharfaidh *Fear na hAbhann / River Man* sinn isteach 'i bhfómhair na síoraíochta' agus amhráin Drake á gcur i láthair ag **Liam Ó Maonlaí** (guth, pianó), **Neil Martin** (dordveidhil) agus **Peter O'Toole** (giotár). **Gabriel Rosenstock** a thraschruthaigh na liricí i nGaeilge. **Margaret Lonergan** a theilgfidh na híomhánna. Arna léiriú ag IMRAM Féile Litríochta Gaeilge. Arna mhaoiniú ag an gComhairle Ealaíon/The Arts Council agus Foras na Gaeilge.

Nick Drake was unique and his achingly beautiful songs owed as much to the bucolic tradition of Vaughan Williams as the blues. At the time of his tragic death in 1974, he had only released three albums – *Five Leaves Left*, *Bryter Lyter* and *Pink Moon*. His lyrics were infused with the moods of 19th century Romantic poetry and explored themes of love, yearning and self-identity. *Fear na hAbhann / River Man* takes us into 'an infinity of autumns' with Drake's songs performed by **Liam Ó Maonlaí** (vocals,piano), **Neil Martin** (cello), and **Peter O'Toole** (guitar). The lyrics have been transcreated into Irish by **Gabriel Rosenstock**. Screen projections by **Margaret Lonergan**. Produced by IMRAM Irish Literature Festival. Funded by the Arts Council and Foras na Gaeilge.

arts council / an chomhairle ealaíon | funding literature | artscouncil.ie
Foras na Gaeilge
Dublin City / Baile Átha Cliath
IMRAM FÉILE LITRÍOCHTA GAEILGE
PAVILION THEATRE

DÉ SATHAIRN, 26 DEIREADH FÓMHAIR 2019

Saturday 26 October

ÉIGSE ÉIREANN / POETRY IRELAND
11 Cearnóg Pharnell Thoir, BÁC1
Saorchead isteach/free admission

CEARDLANN NÁISIÚNTA SCRÍBHNEOIREACHTA

# AN GEARRSCÉAL, AN tÚRSCÉAL AGUS AN SPLANCSCÉAL

## CLÓ IAR-CHONNACHT

### STIÚRTHÓIRÍ NA CEARDLAINNE: MICHEÁL Ó CONGHAILE AGUS MICHEÁL Ó RUAIRC

Beidh an cheardlann seo dírithe den chuid is mó ar scríbhneoirí óga/nua nach bhfuil aon leabhar foilsithe fós acu ach a léiríonn cumas scríbhneoireachta sa ghearrscéal, san úrscéal nó sa splancfhicsean. Tabharfar áit ar an gceardlann freisin áfach do dhornán scríbhneoirí aitheanta, rud a rachaidh chun leasa na scríbhneoirí óga agus na scríbhneoirí aitheanta araon. Tugtar cuireadh do scríbhneoirí ar mhaith leo a bheith páirteach sa cheardlann gearrscéal, sliocht as úrscéal (5–8 lch) nó cupla splancscéal dá gcuid a sheoladh chuig Stiúrthóir CIC, Micheál Ó Conghaile ag moccic@eircom.net ROIMH an **16 Deireadh Fómhair 2019**.

Roghnófar na saothair is feiliúnaí agus déanfar iad a phlé agus a mheas ag an gceardlann. Seolfar saothar gach scríbhneora chuig gach iarrthóir (a bheidh ag freastal ar an gceardlann) roimh ré ionas go mbeidh deis acu iad a léamh. Tríd an modh oibre seo beidh na hiarrthóirí ar fad in ann páirt ghníomhach a ghlacadh sa cheardlann, agus foghlaim ó laigí agus ó bhuanna shaothar a chéile. Beidh áit d'ochtar ar a mhéid ar an gceardlann. Níl aon táille i gceist don cheardlann seo ach beidh iarrthóirí freagrach as a gcuid costas taistil féin agus lóistín sa chás go mbeadh a leithéid i gceist.

**Tuilleadh eolais:**
Micheál Ó Conghaile nó Bridget Bhreathanch,
Cló Iar-Chonnacht, An Spidéal, Co. na Gaillimhe
Guthán: (091) 593307 | Ríomhphost: moccic@eircom.net | www.cic.ie

*Tá an cheardlann seo á heagrú le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon*

*(Á heagrú i gcomhar le IMRAM agus Éigse Éireann/Poetry Ireland)*

Poetry Ireland Éigse Éireann

DEIREADH FÓMHAIR / OCTOBER 2019

# IMRAM na nÓg



IMEACHTAÍ GO LÉIR SAOR IN AISCE
ALL EVENTS FREE OF CHARGE

**Féile Litríochta agus Ealaíon do Pháistí**
**Spreagadh don tsamhlaíocht!**

**Children's Literature & Arts Festival**
**Nurture your imagination!**

Áirithintí agus eolas: **dlrlexiconlib@dlrcoco.ie**

EAGRAITHE AGUS MAOINITHE / ORGANISED & FUNDED BY:

COMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE RÁTH AN DÚIN
Ó CHISTE ÉIRE ILDÁNACH I bPÁIRT LE IMRAM FÉILE LITRÍOCHTA GAEILGE
AGUS GRÚPA SPRAOI GHLÓR NA nGAEL!

*BÍGÍ LINN!*

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*
2017–2022

dlr
Comhairle Contae County Council

**DÉ hAOINE 4 DEIREADH FÓMHAIR**
Friday 4th October

SAOR IN AISCE
CEARDLANNA GO LÉIR
ALL WORKSHOPS FREE OF CHARGE

# CEARDLANNA DO BHUNSCOILEANNA
## PRIMARY SCHOOL WORKSHOPS



## MÁIRE ZEPF

Ceardlanna spreagúla scéalaíochta agus scríbhneoireachta leis an údar cáiliúil agus Comhalta le Scríbhneoireacht Páistí, Tuaisceart Eireann. Is iomaí leabhar atá scríofa ag Máire agus neart gradam agus ainmniúcháin faighte aicí, ina measc, don tsraith *Rita*; agus do na leabhair *Ná Gabh ar Scoil!*; *Lá leis na Lochlannaigh*, *Tubaiste ar an Titanic* agus dá leabhar nua do dhéagóirí *Nóinín*.



Award-winning author and Children's Writing Fellow for Northern Ireland (2017–2019), Máire Zepf will return to Dún Laoghaire to enthral and entertain primary school children with her wonderful creative and inspiring writing and storytelling workshops.

### RITA AGUS AN CHAILLEACH

Rang 1–3




Tá cailleacha na Samhna ag teacht úúú! Ceardlann spleodrach le ceol, cluichí (agus cailleacha gránna!).



### DÁNTA LÍOMÓID SEIRBIT

Rang 4–6

Ceardlann mhilis scríbhneoireachta a bhainfidh úsáid as na céadfaí ar fad.

## SADHBH DEVLIN

Aois 4–9

Ceardlanna idirghníomhacha ealaíne agus scéalaíochta le Scríbhneoir Cónaithe nuacheaptha, Comhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin. Léifidh Sadhbh óna leabhar *Bí ag Spraoi Liom* agus pléifidh sí cruthaíocht agus cumadóireacht leis na páistí. Beidh deis ag na páistí a gcumadóireacht féin a dhéanamh agus measín dá gcuid féin a dhearadh!




**Sadhbh Devlin**, newly appointed Dún Laoghaire Rathdown Writer in Residence is an award-winning blogger, Irish language children's author, reviewer and craft maker. She will present interactive storytelling and art workshops from her picture book *Bí ag Spraoi Liom* where inventions and creativity will be discussed and the children will have a chance to design their own inventions!

Bookings & info: **dlrlexiconlib@dlrcoco.ie**

**DÉ SATHAIRN 5 DEIREADH FÓMHAIR**
Saturday 5th October

Leabharlann an LexIcon, Dún Laoghaire

# FÉILE NA nÓG

**10.30 am–4.00 pm**

SAOR IN AISCE
IMEACHTAÍ GO LÉIR
ALL EVENTS FREE OF CHARGE

Lá álainn lán le himeachtaí trí Ghaeilge – litríocht, scéalaíocht, ealaín, ceardaíocht, ceol, cruthaitheacht agus draíocht don teaghlach go léir!

Join us for a wonderful day full of Irish language events with literature, storytelling, arts, crafts, puppets, music and much more for all the family!

Bígí linn!

Tuilleadh eolas ó **dlrlexiconlib@dlrcoco.ie**

**DÉ SATHAIRN 5 DEIREADH FÓMHAIR**
Saturday 5th October

Leabharlann na bPáistí, Leibhéal 4
Children's Library, Level 4

## SEISIÚN YOGA

Seisiún Yoga don chlann go léir le tús a chur le himeachtaí an lae!

Yoga for all ages.

Gach aois



**DÉ SATHAIRN 5 DEIREADH FÓMHAIR**
Saturday 5th October

Leabharlann an LexIcon, Dún Laoghaire

## COLOUR STRINGS I nGAEILGE LE JULIE ANNE DE BRÚN

Aois 6 mhí–5 bliana

Tagann cluichí ceoil, amhráin Ghaeilge agus amhráin idirnáisiúnta, gluaiseacht agus nodaireacht cheoil le chéile i gceardlanna Colour Strings. Deis álainn do thuismitheoirí agus leanaí eispéireas dearfach ceoil a fháil le chéile trí mheán na Gaeilge!

A multi-sensory child-centred introduction to music education by Julie Anne where babies from 6 months and young children learn songs through Irish and other languages, play instruments and dance! Colour Strings combines musical games, songs and movement in a fun, age appropriate setting.



**DÉ SATHAIRN 5 DEIREADH FÓMHAIR**
Saturday 5th October

Amharclann an Studio, Leibhéal 1 (ar chúl na Bialainne)
The Studio, Level 1
Gach aois

## SUANTRAÍ Á gCANADH AG EITHNE NÍ CHATHÁIN (INNI-K)

(Léiriú ilteangach / multilingual performance)

*'Seoithín seothó, nach mór é an taitneamh Mo stóirín ina leaba ina chodladh gan bhrón.'*



Cuirfidh an ceoltóir agus amhránaí iomráiteach Eithne Ní Chatháin (Inni-K) faoi gheasa muid ag léiriú álainn de shuantraí ar nós *Seoithín Seothó* agus *Dún do Shúile* chomh maith le seoithíní cáiliúla eile ó fud na cruinne.

A musical feast of our best-loved Irish language bedtime songs as well as lullabies from other cultures and traditions performed by singer, songwriter and multi-instrumentalist Eithne Ní Chatháin. Under her alias 'Inni-K', she has received consistent praise for her distinct, fresh style of indie-folk and is also an admired sean-nós singer.

**DÉ SATHAIRN 5 DEIREADH FÓMHAIR**
Saturday 5th October

Leabharlann an LexIcon, Dún Laoghaire
Gach Aois

## CEARDLANNA SCÉALAÍOCHTA AGUS EALAÍNE LE SADHBH DEVLIN

Cuirfidh Sadhbh Devlin, Scríbhneoir Cónaithe nuacheaptha Comhairle Contae Dhún Laoghaire Ráth an Dúin an scéal *Beag Bídeach* i láthair agus cruthóidh na rannpháirtithe 'Bosca Scéil' le chéile as ábhar inathchúrsáilte, ceardaíochta agus a lán samhlaíochta!




Author and craft maker Sadhbh Devlin, newly appointed Dún Laoghaire Rathdown Writer in Residence, will read her picturebook, *Beag Bídeach*, and afterwards participants will have the opportunity to create 'Shoebox Stories' using recyclable and craft materials and plenty of imagination!

**DÉ SATHAIRN 5 DEIREADH FÓMHAIR**
Saturday 5th October

Amharclann an Studio, Leibhéal 1 (ar chúl na Bialainne)
The Studio, Level 1
Gach Aois

## MAMÓ, ZOG AGUS AN COINÍN BEAG LE TADHG MAC DHONNAGÁIN



Tar i gcomhluadar an cheoltóir, cumadóir, siamsóir agus údar ildánach Tadhg Mac Dhonnagáin agus é ag cur i láthair rogha leabhar nuafhoilsithe den chéad scoth: *Mamó an Gadaí Mór*, eagrán Gaeilge de hit mór David Walliams, *Gangsta Granny*; *ZOG*, leagan véarsaíochta Thaidhg den scéal faoin dragan díograiseach le Julia Donaldson agus Axel Scheffler, agus do na páistí is óige, cara nua – dhá scéal áille faoi charachtar nua, *Coinín Beag*, ón scríbhneoir agus maisitheoir Gearmánach, Jörg Mühle. É sin ar fad agus cúpla rann agus amhrán!



Tadhg Mac Dhonnagáin presents a number of newly published Irish language books including *Mamó an Gadaí Mór* adapted from David Walliams hit *Gangsta Granny*; Julia Donaldson and Axel Scheffler's Zog; and we'll make friends with *Coinín Beag* based on the German originals by author and artist Jörg Mühle as well as music and songs from this multi-award winning author, musician, composer and FutaFata publisher.

**DÉ SATHAIRN 5 DEIREADH FÓMHAIR**
Saturday 5th October

## LENA CHOIS SIN / AND MORE…

Ealaín bheo le Cormac Ó Bréartúin, Ceardlanna Puipéadóireachta le BRANAR Drámaíochta, Lego, Ceol Beo agus neart spraoi do gach aois i rith an lae!



Live art with Cormac Ó Bréartúin, puppet making workshops with BRANAR Drámaíochta, LEGO, Live Music and lots of fun for all ages throughout the day!

Tuilleadh eolas ó **dlrlexiconlib@dlrcoco.ie**

# FOCAIL 2020

Cuirfear tús le sraith ceardlanna in dhá mheánscoil Ghaeilge san ardchathair don bhliain acadúil 2019/20 agus tabharfaidh **Darach Mac Con Iomaire** agus **Réaltán Ní Leannáin** spreagadh agus tacaíocht do mhic léinn dara leibhéal a n-ábhar cruthaitheach féin a fhorbairt trí Ghaeilge.

A series of workshops will begin in two Irish language secondary schools in Dublin for the 2019/20 academic year. Novelist, dramatist, short-story and teen fiction writer **Réaltán Ní Leannáin** will work in Scoil Chaitríona, Glasnevin and **Darach Mac Con Iomaire**, dramatist, screenwriter, short-story writer and actor will work in Gaelcholáiste an Phiarsaigh, Rathfarnham. Participating students will be supported and inspired to write and create material in their chosen form.

### DÉ CÉADAOIN 9 DEIREADH FÓMHAIR
Wednesday 9th October

**Gaelcholáiste an Phiarsaigh, Ráth Fearnáin**



### DARACH MAC AN IOMAIRE

Tá idir dhrámaí, sraitheanna drámaíochta teilifíse agus scannáin scríofa ag Darach Mac Con Iomaire, ina measc *Corp + Anam* do TG4, *Loco Parentis* do S4C/TG4, *Créacht* do TG4/ILBF agus *Olagón*. Tá go leor gradam faighte aige thar na blianta, lena n-áirítear gradaim IFTA, Duais BBC/Stewart Parker, Gradam na Meán Ceilteach agus Gradaim Chumarsáide an Oireachtais. Tá níos mó na 40 léiriú amharclannaíochta gairmiúla stiúrtha ag Darach agus le blianta beaga anuas stiúraigh agus léirigh sé an seó ilmheáin ealaíne *Aisling?*; an dráma stáitse ardmholta *Baoite*, faoi choimisiún ag Amharclann na Mainistreach agus Taibhdhearc na Gaillimhe chomh maith le scríobh agus léiriú ar *Lugh, Lasair agus an Draoi Briste* le Tuismitheoirí na Gaeltachta.

### DÉ MÁIRT 22 DEIREADH FÓMHAIR
Tuesday 22nd October


**Scoil Chaitríona, Glas Naíon**



### RÉALTÁN NÍ LEANNÁIN

Foilsíodh an chéad úrscéal le Réaltán Ní Leannáin, *Cití na gCearc* (Cois Life, 2019) le deireanas agus dírítear ar eispéireas na mban le linn thréimhse an Chéad Chogaidh Dhomhanda. Taifead ar athrú suntasach i saol an údair é an chéad saothar i gcló aici, an cnuasach filíochta ardmholta *Turas Ailse* (Coiscéim, 2011). Foilsíodh cnuasach gearrscéalta spleodrach léi, *Dílis* (Cló Iar-Chonnacht, 2015), scéalta suite i mBéal Feirste le linn na dTrioblóidí sna 1970idí. Tá dráma raidió, *An Cor nach gCastar* (Raidió na Life, 2018), scríofa aici chomh maith le gearrscéalta, splancfhicsean agus ábhair ar líne. Tá Réaltán mar Scríbhneoir Cónaithe 2019 in Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

*Arna eagrú i bpáirt le / In conjunction with: Oifig na Gaeilge, Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath / TU Dublin agus Éigse Éireann/Poetry Ireland.*



**BUÍOCHAS Ó CHROÍ LE / HEARTFELT THANKS TO:**

Cathal & Rós Póirtéir; Cearbhall Ó Síocháin; Gabriel Rosenstock; Sarah Bannan & Peter Sirr, An Chomhairle Ealaíon/Arts Council; Saorlaith Ní Nualláin, Foras na Gaeilge; Daithí Ó Maolchoille; Siobhán Nic Gaoithín; Shelley Healey, dlr LexIcon; Ray Yeates, Martin Colthorpe & Aimée Van Wylick, International Literature Festival, Dublin; Simon O'Connor & Donna Marie O'Donovan, Museum of Literature Ireland; Alice Jacquier, The Sugar Club; Simon Ó Faoláin, An Fhéile Bheag Filíochta; Ruth Hegarty, Royal Irish Academy; Marysia Wieckiewicz-Carroll, Royal Society of Antiquaries of Ireland; Elly Shaw, COMHAR; Paul Clune, Smock Alley; Ifor ap Glyn; Ian Rowlands; Maureen Kennelly, Jane O'Hanlon, Anna Bonner & foireann, Éigse Éireann/Poetry Ireland; Hugh Murray, Pavilion Theatre; Carol De Buitléir, RTÉ Supporting the Arts; Micheál Ó Conghaile & Bridget Breathnach, Cló Iar-Chonnacht; Grainne Ní Mhuilneoir & Jenifer Ní Ghrádaigh, Cois Life; Róisín Ní Ghairbhí; Bláithín Ní Liatháin; Ceallaigh Nic Gearailt; Aonghus Ó hAlmhain; Des Geraghty & Rosheen Callendar; Fran O'Rourke; Darach Ó Scolaí, Leabhar Breac; Fiachra Mac Góráin; Margaret Lonergan; Kieran Nolan, Oldtown Creative; Jim Berkeley; Niamh Lawlor & Eithne Carson

**CREDITS**

Nick Drake photograph: thanks to Keith Morris.

# IMRAM

## A VOYAGE OF DISCOVERY

Aidhm IMRAM saibhreas na litríochta Gaeilge comhaimseartha a roinnt le cách agus an pobal a thabhairt linn ar aistear mistéireach.

IMRAM aims to bring its audiences on a 'voyage of discovery' that reveals the rich diversity of modern Irish language literature.

Beidh leabhair ar díol ag formhór na n-ócáidí.
Ceannaigh leabhar nó dhó!
Books will be on sale at most IMRAM events.

**TUILLEADH EOLAIS/FURTHER INFORMATION:**
Liam Carson r-phost/e-mail info@imram.ie
Fón/phone (087) 2912797

**WWW.IMRAM.IE**

Dearadh: Kieran Nolan, www.oldtown.ie